Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8825/26**

**ENER 214**
**FISC 159**
**ECOFIN 562**
**COMPET 517**
**ENV 444**
**IND 302**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2853 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 30.4.2026<br>maidir le hachoimre ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha a bhaineann le conarthaí soláthair fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2853 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2853 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2853 final

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.4.2026**

**maidir le hachoimre ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha a bhaineann le conarthaí soláthair fuinnimh**

{SWD(2026) 126 final}

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.4.2026**

**maidir le hachoimre ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha a bhaineann le conarthaí soláthair fuinnimh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá inacmhainneacht fuinnimh lárnach don chobhsaíocht eacnamaíoch agus shóisialta agus don mhuinín as margadh fuinnimh na hEorpa. Le dearadh éifeachtach margaidh agus cosaint láidir tomhaltóirí, cothaítear iomaíocht, spreagtar nuálaíocht agus éifeachtúlacht, agus meastar go mbeidh costais níos ísle agus cáilíocht níos airde seirbhísí mar thoradh orthu. Áirítear leis sin cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí tairiscintí soláthair fuinnimh a chur i gcomparáid le chéile, conarthaí soláthair a thuiscint agus athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile go héasca.

(2) Tá an t-athrú rianúil idir soláthróirí leictreachais agus gáis fíor-riachtanach chun go mbeidh margadh fuinnimh iomaíoch ann. Cé gur ceart é athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile a bhunaítear i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus le Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé éifeachtach i gcónaí sa chleachtas mar gheall ar chastacht, easpa tairiscintí fuinnimh trédhearcacha agus inchomparáide, téarmaíocht agus cur i láthair neamhréireach ó sholáthróir go chéile, drochfheasacht tomhaltóirí ar na tairbhí, agus cleachtais mhargaíochta ionsaitheacha nó mhíthreoracha.

(3) Ba cheart faisnéis thrédhearcach réamhchonarthach agus chonarthach, cleachtais chonarthacha chothroma, agus billí fuinnimh soiléire agus intuigthe a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus tá siad fíor-riachtanach chun rochtain inacmhainne, inbhuanaithe agus chuimsitheach ar fhuinneamh a áirithiú.

(4) Le Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle áirithítear go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar thairiscintí fuinnimh atá soiléir, trédhearcach agus inchomparáide agus cuirtear ar a gcumas dóibh conradh a roghnú a chomhfhreagraíonn dá riachtanais. Go háirithe, áirithítear leis go gcuirfear achoimre ar phríomhthéarmaí agus phríomhchoinníollacha conarthacha na gconarthaí soláthair leictreachais ar fáil do chustaiméirí deiridh shlí fheiceálach agus i bhfriotal soiléir beacht sula dtabharfar i gcrích conarthaí soláthair leictreachais ar théarma seasta agus

[1] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lgh. 125–199, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

[2] Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj).

ar phraghas socraithe agus conarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla nó sula gcuirfear síneadh leo. Leagtar amach ceanglas comhchosúil i dTreoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena gceanglaítear go gcuirfear achoimre aonair ar phríomhchoinníollacha conarthacha na gconarthaí soláthair gáis ar fáil do chustaiméirí deiridh ar shlí fheiceálach agus i bhfriotal a bheidh soiléir agus beacht agus go n-úsáidfidh an soláthróir téarmaíocht choiteann.

(5) An tráth céanna, ní mór don achoimre ar phríomhthéarmaí agus príomhchoinníollacha conarthacha na gconarthaí soláthair fuinnimh (an 'achoimre') ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh[3].

(6) Is minic nach mbíonn tomhaltóirí ar an eolas faoin gcineál taraife atá acu faoi láthair nó cé acu atá nó nach bhfuil a bpraghas seasta nó athraitheach. D'fhéadfadh an mearbhall sin teacht chun cinn ní hamháin mar gheall ar fheasacht theoranta tomhaltóirí agus easpa faisnéise inchomparáide ó chonradh go chéile ach freisin mar gheall ar sholáthróirí a úsáideann ainmneacha éagsúla le haghaidh tairiscintí comhchosúla. Ina theannta sin, tá bearnaí móra fós sa litearthacht fuinnimh i measc grúpaí éagsúla tomhaltóirí, lena n-áirítear daoine scothaosta, agus daoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Tá rochtain theoranta ag go leor tomhaltóirí ar acmhainní digiteacha agus is beag scileanna digiteacha atá ag cuid acu nó níl scileanna digiteacha ar bith acu. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas chun a áirithiú go mbeidh an achoimre inrochtana ar bhonn cothromais.

(7) Is minic a bhíonn tomhaltóirí faoi réir ró-ualach faisnéise nó claontachtaí deimhnithe, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar a gcinnteoireacht. Chun tomhaltóirí a chumhachtú chun roghanna eolasacha a dhéanamh, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh rochtain acu ar uirlisí so-úsáidte agus ar fhaisnéis thrédhearcach inchomparáide chun tairiscintí a chomhlíonann a roghanna agus a riachtanais a mheasúnú agus a roghnú.

(8) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht i gcás conarthaí téimh, fuaraithe agus uisce te tí, leagtar amach freisin in Airteagal 21 de Threoir (AE) 2023/1791[4] go bhfuil achoimre ar phríomhchoinníollacha na gconarthaí sin, lena n-áirítear praghsanna agus taraifí, le soláthar do chustaiméirí deiridh agus d'úsáideoirí deiridh ar bhealach sothuigthe agus i bhfriotal beacht simplí. Le Moladh (AE) 2024/2481 ón gCoimisiún[5], bunaíodh treoirlínte maidir le léirmhíniú Airteagail 21, 22 agus 24 de Threoir (AE) 2023/1791.

(9) Aithnítear go maith in earnálacha eile an tábhacht a bhaineann le faisnéis shoiléir, thrédhearcach agus inchomparáide a sholáthar do thomhaltóirí i bhformáid

---

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[4] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj).

[5] Moladh (AE) 2024/2481 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos treoirlínte maidir le léirmhíniú Airteagail 21, 22 agus 24 de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le tomhaltóirí (IO L, 2024/2481, 23.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/2481/oj).

chaighdeánaithe. Mar shampla, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2243 ón gCoimisiún[6], bunaítear teimpléad le haghaidh achoimre an chonartha atá le húsáid ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí. Ar an gcaoi chéanna, is é is aidhm do Threoir (AE) 2023/2225 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a áirithiú go soláthrófar faisnéis réamhchonarthach tríd an bhfoirm maidir le faisnéis chaighdeánach Eorpach um chreidmheas tomhaltóra.

(10) Trí chaighdeánú a dhéanamh ar fhaisnéis réamhchonarthach agus ar fhriotal simplí aonfhoirmeach agus ar théarmaíocht choiteann san fhaisnéis réamhchonarthach, sna conarthaí agus sna billí a úsáidtear i gcás na soláthróirí uile, na n-uirlisí comparáide uile agus, i gcás inarb infheidhme, na n-idirghabhálaithe agus na soláthraithe seirbhísí fuinnimh uile, cuidítear le tomhaltóirí príomhghnéithe na dtairiscintí a thuiscint go tapa agus iad a chur i gcomparáid le chéile go héasca. Trí phríomhfhaisnéis a thaispeáint go feiceálach ar an gcéad leathanach den achoimre, is féidir le tomhaltóirí na príomhthéarmaí a shainaithint d'aon amharc, lena n-áirítear ar ghairis mhóibíleacha. Áiritheofar leis an stór focal caighdeánaithe go n-úsáidfidh soláthróirí agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhísí fuinnimh tacar coiteann téarmaí, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do thomhaltóirí tairiscintí a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile, agus trédhearcacht margaidh a fheabhsú.

(11) Leis na teimpléid le haghaidh achoimre ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha le haghaidh conarthaí soláthair leictreachais agus gáis, ba cheart cineálacha éagsúla tairiscintí a chumhdach, lena n-áirítear praghsanna seasta, athraitheacha nó dinimiciúla, tairiscintí le táirgí nó seirbhísí atá ceangailte nó cuachta leis an soláthar fuinnimh, agus iad siúd a ligeann do thomhaltóirí barrachas leictreachais a chur isteach san eangach, chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis chonarthach ábhartha uile in iúl go soiléir agus go héifeachtach, lena léirítear castacht agus éagsúlacht na dtairiscintí.

(12) Ba cheart an achoimre a sholáthar sula mbeidh an custaiméir deiridh faoi cheangal ag conradh leictreachais nó gáis nó, i gcás inarb infheidhme, trí thairiscint cheangailteach a chur isteach, lena n-áiritheofar go mbeidh dóthain ama ag an gcustaiméir deiridh athbhreithniú a dhéanamh ar an bpríomhfhaisnéis chonarthach agus í a thuiscint agus cinneadh eolasach a dhéanamh. Tríd an bhfaisnéis sin a fháil roimh ré, agus ní i gcomhthráth le conradh a thabhairt i gcrích, beidh dóthain ama ag custaiméirí deiridh chun athbhreithniú a dhéanamh ar thairiscintí agus iad a chur i gcomparáid le chéile nó chun na modhnuithe ar phraghsanna a mheas. Ina theannta sin, i bhfianaise na modhanna éagsúla díolacháin a úsáidtear ar fud an mhargaidh fuinnimh, lena n-áirítear ar líne, as líne agus an teileamhargaíocht, tá sé tábhachtach a áirithiú go leanfaidh faisnéis réamhchonarthach de bheith soiléir, cothrom agus inrochtana do gach

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2243 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena mbunaítear teimpléad le haghaidh achoimre an chonartha atá le húsáid ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí de bhun Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 30.12.2019, lgh. 274–280, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2243/oj).

7 Treoir (AE) 2023/2225 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/48/CE (IO L 2023/2225, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2225/oj).

tomhaltóir i gcás na gcainéal díolacháin uile. Tá faisnéis shoiléir ina príomhchosaint ar chleachtais mhíthreoracha.

(13) Tá ról lárnach ag rialtóirí maidir le soiléireacht, comhsheasmhacht agus trédhearcacht an mhargaidh fuinnimh agus cosaint leordhóthanach tomhaltóirí a áirithiú. Tá sé fíor-riachtanach go nglacfaidh siad céimeanna réamhghníomhacha chun feabhas a chur ar fheasacht agus ar thuiscint tomhaltóirí agus inchomparáideacht na dtairiscintí fuinnimh, agus ar an gcaoi sin muinín sna margaí fuinnimh a neartú. An tráth céanna, d'fhéadfadh teimpléid dhea-dheartha atá fabhrach don tomhaltóir den achoimre a bheith mar thoradh ar chomhar i measc na n-údarás ábhartha, na rialtóirí, na n-eagraíochtaí tomhaltóirí, na soláthróirí agus na bpáirtithe leasmhara eile agus d'fhéadfadh sé cur chun feidhme na dteimpléad sin a éascú.

(14) Tá ról níos tábhachtaí ag idirghabhálaithe san earnáil fuinnimh trí ghníomhú mar naisc idir soláthróirí fuinnimh agus tomhaltóirí. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le coinníollacha conarthacha i gcás ina dtugtar conarthaí i gcrích trí idirghabhálaithe, amhail uirlisí comparáide nó eintitis a thairgeann conarthaí i gcás ina bhfuil an soláthar fuinnimh ceangailte nó cuachta le táirgí nó seirbhísí breise, agus maidir leis an achoimre freisin.

(15) Leis an Moladh seo, cuirtear soiléireacht, trédhearcacht agus inchomparáideacht tairiscintí fuinnimh chun cinn. Is chuig na Ballstáit a dhírítear é, nó chuig údaráis rialála nó údaráis inniúla ainmnithe eile na mBallstát sin, i gcás ina mbeidh foráil déanta ag na Ballstáit maidir leis sin. Tá an Moladh an-ábhartha freisin maidir le soláthróirí fuinnimh, idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhísí fuinnimh, agus ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar a indéantacht agus beart ábhartha a chur i bhfeidhm de réir mar is iomchuí.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar do na Ballstáit na bearta seo a leanas a dhéanamh:

1. A cheangal go gcuirfear an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 11(1a) de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 11(3) de Threoir (AE) 2024/1788 (an 'achoimre') ar fáil go tráthúil sula dtabharfar aon chonradh i gcrích nó sula gcuirfear síneadh leis agus sula ndéanfar aon athrú ar phraghsanna, in íoslíon leathanach, agus go mbeidh sí gonta, curtha i láthair go soiléir agus mínithe cuimsitheacha ag gabháil léi, agus go gcuirfear ar fáil saor in aisce í.

2. Teimpléid chaighdeánaithe agus leagan amach achomair a ghlacadh le haghaidh achoimre an chonartha, rialacha a leagan síos maidir le conas gach roinn di a líonadh isteach agus comhsheasmhacht an chur i láthair agus na téarmaíochta a éileamh ar na soláthróirí uile agus, i gcás inarb infheidhme, ar na hidirghabhálaithe agus na soláthraithe seirbhísí fuinnimh uile. Ba cheart na teimpléid a dhearadh chun freastal ar na cineálacha éagsúla tairiscintí, lena n-áirítear praghas seasta, athraitheach nó dinimiciúil, tairiscintí le táirgí nó seirbhísí atá ceangailte nó cuachta le soláthar fuinnimh agus tairiscintí a ligeann do thomhaltóirí barrachas leictreachais a chur isteach san eangach. I gcás ina bhfuil táirgí nó seirbhísí ceangailte nó cuachta le soláthar fuinnimh, ba cheart roinn thiomnaithe a bheith san achoimre ina dtugtar tuairisc orthu. Chun a áirithiú nach gcuirfidh táirgí nó seirbhísí breise isteach ar an soláthar fuinnimh, ba cheart aghaidh a thabhairt ar tháirgí nó seirbhísí breise i gconradh ar leithligh agus ba cheart iad a idirdhealú go soiléir ón gconradh soláthair fuinnimh.

3. A áirithiú go gcuirfear an achoimre ar fáil ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile agus go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas uirthi i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

4. Na teimpléid le haghaidh na hachoimre a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus iad a chur ar fáil do na Ballstáit eile laistigh de 6 mhí ó ghlacadh an Mholta seo.

   Tástáil iompraíochta a dhéanamh ar dhréacht-teimpléid le haghaidh na hachoimre chun a áirithiú go gcuirfidh siad sonraí fíor-riachtanacha in iúl go héifeachtach agus go n-ailíneoidh siad le fíoriompraíocht agus fíorthuiscint na dtomhaltóirí.

5. A áirithiú go n-áirítear san achoimre ar a laghad an praghas iomlán agus a mhiondealú, míniú i dtaobh an bhfuil an praghas seasta, athraitheach nó dinimiciúil, seoladh ríomhphoist an tsoláthróra agus sonraí beolíne tacaíochta do thomhaltóirí, agus i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le híocaíochtaí aonuaire, promóisin, seirbhísí breise agus lascainí. Ina theannta sin, i gcás praghas dinimiciúil agus conarthaí a bhfuil comhchuid phraghais sholúbtha iontu, ba cheart a áireamh san achoimre míniú soiléir ar an bhfoirmle phraghsála lena gcinntear an praghas, an t-innéacs lena bhfuil an fhoirmle nasctha agus i gcás inar féidir leis an gcustaiméir deiridh faireachán a dhéanamh ar éabhlóid an phraghais, ar mhinicíocht na n-athruithe ar phraghsanna chomh maith le réamh-mheastacháin chostais léiritheacha chun meastachán a dhéanamh ar bhillí sa todhchaí. Ba cheart a áireamh san achoimre freisin tuairisc ar an tseirbhís, lena n-áirítear táirgí nó seirbhísí cuachta i gcás inarb ábhartha, chomh maith le fad an chonartha, coinníollacha maidir le hathnuachan agus foirceannadh, modhanna íocaíochta atá ar fáil agus nasc nó cód QR le nasc chuig uirlisí comparáide neamhspleácha.

6. Gluais náisiúnta de théarmaí sainordaitheacha, i bhfriotal soiléir a bhunú chun a áirithiú go n-úsáidfidh soláthróirí agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhísí fuinnimh tacar coiteann téarmaí, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do thomhaltóirí tairiscintí a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile, agus trédhearcacht margaidh a fheabhsú.

7. Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear údaráis rialála, eagraíochtaí tomhaltóirí, soláthróirí, agus páirtithe leasmhara eile, agus na teimpléid achoimre chaighdeánaithe náisiúnta agus an téarmaíocht choiteann á bhforbairt trí phróiseas trédhearcach.

8. Comhsheasmhacht agus ailíniú san fhaisnéis a áirithiú agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11(1a) de Threoir (AE) 2024/1711 a chur i bhfeidhm maidir leis an achoimre ar chonarthaí soláthair gáis, agus na difríochtaí idir na margaí leictreachais agus gáis á gcur san áireamh an tráth céanna.

9. Na treoirlínte maidir le dearadh na hachoimre mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a chur i bhfeidhm agus Airteagal 11(1a) de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 11(3) de Threoir (AE) 2024/1788 á dtrasuí. Ba cheart do na Ballstáit an Moladh seo a chur san áireamh freisin agus Airteagal 21(1) de Threoir (AE) 2023/1791 á thrasuí acu.

---

[8] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70–115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Dan Jørgensen*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**
**Stiúrthóir**
**Cinnteoireacht agus Coláisteacht**
An Coimisiún Eorpach